V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11180 – PRADA / ZEGNA / FEDELI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 262/06)

1. An 13 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Prada S.p.A. ('Prada', an Iodáil), atá faoi rialú go hindíreach ag Ms Miuccia Bianchi Prada,

— Ermenegildo Zegna N.V. ('Zegna', an Ísiltír), atá faoi rialú ag Monterubello s.s. (an Iodáil),

— Luigi Fedeli e Figlio S.r.l. ('Fedeli', an Iodáil), atá faoi rialú ag an Uasal Luigi Fedeli.

Gheobhaidh Prada agus Zegna rialú comhpháirteach ar Fedeli de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc ([2]).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Prada gníomhach in earnáil na sócúlachta, i ndearadh, táirgeadh agus dáileadh earraí leathair ardleibhéil, málaí, bróga, gabhálais faisin agus seoda. Oibríonn sé freisin comhaontuithe ceadúnúcháin in earnáil na n-earraí súl agus in earnáil an chumhráin. Tá Prada gníomhach freisin in earnáil an bhia agus na dí,

— Tá Zegna gníomhach i ndearadh, cruthú agus dáileadh só-éadaí fear agus gabhálais faoi bhranda Zegna, chomh maith le héadaí ban, éadaí fear agus gabhálais faoi bhrandaí Thom Browne agus Tom Ford. Déanann Zegna fabraicí agus teicstílí a mhonarú agus a dháileadh freisin.

— Is gnólacht teaghlaigh Iodálach é Fedeli a bunaíodh i 1934 i Monza, gnólacht atá gníomhach sa tionscal teicstíle ardleibhéil, agus déanann sé speisialtóireacht i dtáirgeadh fabraicí caismíre agus geirsí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Beidh Fedeli á rialú go comhpháirteach ag Prada, Zegna agus an tUasal Fedeli. Ní rialaíonn an tUasal Fedeli gnóthais eile, ná ní dhéanann sé gníomhaíochtaí eacnamaíocha breise ar a chuntas féin, agus dá bhrí sin, ní mheastar é a bheith ina ghnóthas lena mbaineann de réir bhrí an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11180 – PRADA / ZEGNA / FEDELI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.